Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Leas-Uachtarán UCD do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar
Scoil | Aonad:	Taighde UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*:	Oifigeach Riaracháin
Tréimhse an Phoist:	3 bliana (Painéal 12 mhí de róil bhuana agus shealadacha)
Grád:	Oifigeach Riaracháin II
Scála Tuarastail:	€52,519 - €67,129 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht Acadúil agus Oibríochtaí Cláir – Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2026-08-055
Bainisteoir Líne:	Leas-Uachtarán do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar agus Stiúrthóir Taighde
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	020033
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Qiong Zhang
Iarratais agus Dáta Deiridh:	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre:	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is é UCD an ollscoil diantaighde is mó in Éirinn, le pobal acadúil éagsúil a chomhoibríonn le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe i mbreis agus 200 tír ar fud an domhain. Is í an phríomheagraíocht í, go náisiúnta, le haghaidh taighde atá maoinithe ag an Aontas, lena n-áirítear gradaim iomráiteacha ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus cuibhreannais mhórscála de chuid Fís Eorpach. Ag a chroílár, cruthaíonn Taighde agus Nuálaíocht UCD na dálaí chun go mbeidh rath ar thaighde den chéad scoth, rud a neartaíonn cáil agus seasamh na hOllscoile mar chomhpháirtí iontaofa le haghaidh comhair agus infheistíochta.

Tá Taighde UCD faoi stiúir an Leas-Uachtaráin do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar. Féachann Taighde UCD le Riarthóir Oifige a cheapadh chun tacaíocht chuimsitheach feidhmiúcháin agus riaracháin a chur ar fáil don Leas-Uachtarán do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar (VPRII) agus don Stiúrthóir Taighde.

Cuirfidh an Riarthóir Oifige tacaíocht ardleibhéil feidhmiúcháin agus riaracháin ar fáil don Leas-Uachtarán do Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar agus don Stiúrthóir Taighde. Tacóidh an ról le hoibriú éifeachtach an dá phunann trí thacaíocht feidhmiúcháin ghairmiúil, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, comhordú cruinnithe agus imeachtaí, tacaíocht chumarsáide, agus seirbhísí riaracháin a sholáthar i dtimpeallacht mhear dhinimiciúil. Tá an ról ceaptha chun éifeachtacht an dá cheannaire shinsearacha a uasmhéadú trí ghníomhaíochtaí riaracháin, oibríochtúla agus comhordaithe a bhainistiú, rud a chuirfidh ar a gcumas díriú ar cheannaireacht straitéiseach, ar fhorbairt taighde, ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus ar thosaíochtaí institiúideacha.